Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13427/24**

**CDR 134**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2024[..]/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta**
**agus beirt chomhaltaí mhalartacha,**
**arna moladh ag Ríocht na Spáinne,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Spáinne,

1 IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/io).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1261[3], lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún. An 30 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/227[4], lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Meritxell SERRET I ALEU a cheapadh.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Juan GARCÍA-GALLARDO FRINGS agus Joan CALABUIG RULL a cheapadh.

---

2 Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2157/io).

3 Cinneadh (AE) 2022/1261 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún (IO L 191, 20.7.2022, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1261/io).

4 Cinneadh (AE) 2023/227 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún (IO L 32, 3.2.2023, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/227/io).

(5) Mhol rialtas na Spáinne Salvador ILLA ROCA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *President de la Generalitat de Catalunya* (Uachtarán Rialtas na Catalóine), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol rialtas na Spáinne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: María Isabel BLANCO LLAMAS, *Vicepresidenta de la Junta de Castilla y León* (Leas-Uachtarán Rialtas Réigiúnach Castilla y León) agus Pablo Gustavo BROSETA DUPRÉ, *Secretario Autonómico de Representación ante la UE y las CCAA Generalitat Valenciana* (Leas-Aire Ionadaíochta chuig an Aontas Eorpach agus chuig Réigiúin Fhéinrialaitheacha na Spáinne. Rialtas Réigiún Valencia),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

– Salvador ILLA ROCA, *President de la Generalitat de Catalunya* (Uachtarán Rialtas na Catalóine),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

– María Isabel BLANCO LLAMAS, *Vicepresidenta de la Junta de Castilla y León* (Leas-Uachtarán Rialtas Réigiúnach Castilla y León) agus

– Pablo Gustavo BROSETA DUPRÉ, *Secretario Autonómico de Representación ante la UE y las CCAA Generalitat Valenciana* (Leas-Aire Ionadaíochta chuig an Aontas Eorpach agus Réigiúin Fhéinrialaitheacha na Spáinne. Rialtas Réigiún Valencia).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*